**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2015**
**(OR. en)**

**2014/0158 (COD)** **PE-CONS 23/15**

**CODIF 48**
**ECO 44**
**INST 112**
**MI 233**
**CODEC 521**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na bearta cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise (códú) |

**RIALACHÁN (AE) 2015/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis na bearta cosanta**
**dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir**
**Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa**
**agus Cónaidhm na hEilvéise (códú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh , agus go háirithe Airteagal207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

1 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2015 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an…..

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Rinneadh Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72 ón gComhairle[1] a leasú go suntasach roinnt uaireanta[2]. Ar mhaithe le soiléire agus le réasúntacht, ba cheart an Rialachán sin a chódú.

(2) Siníodh comhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise[3] ('an Comhaontú') sa Bhruiséil an 22 Iúil 1972.

(3) Is gá rialacha mionsonraithe chun na clásail chosanta agus na bearta réamhchúraim dá bhforáiltear in Airteagal 22 go hAirteagal 27 den Chomhaontú a chur chun feidhme.

---

1 Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72 ón gComhairle an 19 Nollaig 1972 maidir leis na bearta cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise (IO L 300, 31.12.1972, lch. 284).

2 Féach Iarscríbhinn I.

3 IO L 300, 31.12.1972, lch. 189.

(4) Is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta cosanta a ghlacadh i ndáil le clásail dhéthaobhacha chosanta an Chomhaontaithe a chur chun feidhme. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(5) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le staideanna dá dtagraítear in Airteagal 24, Airteagal 24a agus Airteagal 26 den Chomhaontú nó i gcás cabhracha d'onnmhairí a bhfuil éifeacht dhíreach agus láithreach acu ar thrádáil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[1] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

*Airteagal 1*

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go dtarchuirfear saincheist chuig an gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise, ('an Comhaontú'), chun na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 22, 24, 24a agus 26 den Chomhaontú a dhéanamh. I gcás inar gá, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Rialachán seo.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas má chinneann sé saincheist a tharchur chuig an gComhchoiste.

*Airteagal 2*

1. I gcás cleachtas a d'fhéadfadh údar cuí a thabhairt don Aontas na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 23 den Chomhaontú a chur i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, tar éis dó an cás a scrúdú, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Bhallstát, an bhfuil an cleachtas ag luí leis an gComhaontú. I gcás inar gá, glacfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Rialachán seo.

2. I gcás cleachtas lena bhféadfaí bearta cosanta a chur i bhfeidhm maidir leis an Aontas ar bhonn Airteagal 23 den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, tar éis dó an cás a scrúdú, an bhfuil an cleachtas ag luí leis na prionsabail atá leagtha síos sa Chomhaontú. I gcás inar gá, ceapfaidh sé moltaí iomchuí.

*Airteagal 3*

I gcás cleachtas a d'fhéadfadh údar cuí a thabhairt don Aontas na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 25 den Chomhaontú a chur i bhfeidhm, beidh na nósanna imeachta a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle[1] agus Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle[2] infheidhme.

*Airteagal 4*

1. Más rud é, de dheasca imthosca eisceachtúla, gur gá gníomhú láithreach maidir leis na staideanna dá dtagraítear in Airteagal 24, Airteagal 24a agus Airteagal 26 den Chomhaontú nó i gcás cabhracha d'onnmhairí a bhfuil éifeacht dhíreach agus láithreach acu ar thrádáil, féadfaidh an Coimisiún na bearta réamhchúraim dá bhforáiltear i bpointe (e) d'Airteagal 27(3) den Chomhaontú a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Rialachán seo, nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Rialachán seo.

2. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún gníomhú, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an iarraidh sin laistigh de thréimhse nach faide ná cúig lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontais ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 188, 18.7.2009, lch. 93).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

*Airteagal 5*

Is ar an gCoimisiún a bheidh an fhreagracht fógra ón Aontas a chur chuig an gComhchoiste mar a cheanglaítear le hAirteagal 27(2) den Chomhaontú.

*Airteagal 6*

1. Déanfaidh an Coiste um Choimircí arna bhunú le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i dteannta Airteagal 5 de.

*Airteagal 7*

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a áireamh ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme a chuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009.

---

[1] Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh allmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 16).

*Airteagal 8*

Déantar Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72 a aisghairm.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 9*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN I

An Rialachán aisghairthe agus an liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air

| | |
|---|---|
| Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72 ón gComhairle<br>(IO L 300, 31.12.1972, lch,. 284) | |
| Rialachán (CEE) Uimh. 643/90 ón gComhairle<br>(IO L 74, 20.3.1990, lch. 7) | |
| Rialachán (AE) Uimh. 37/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 18, 21.1.2014, lch. 1) | Pointe 1 den Iarscríbhinn agus an pointe sin amháin |

# IARSCRÍBHINN II

Tábla Comhghaoil

| Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagail 1 go 4 | Airteagail 1 go 4 |
| Airteagal 6 | Airteagal 5 |
| Airteagal 7 | –Airteagal 6 |
| Airteagal 8 | Airteagal 7 |
| - | Airteagal 8 |
| - | Airteagal 9 |
| - | Iarscríbhinn I |
| - | Iarscríbhinn II |